Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 20 Samhain 2025
(OR. en)

15738/25
ADD 1

ECOFIN 1569
FISC 333
UD 280
ENV 1258
CLIMA 551
DELACT 177

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 20 Samhain 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 7845 final |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ<br>a ghabhann le<br>Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún<br>lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí a dheonú, rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, creidiúnú a tharraingt siar, agus aitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí a dhéanamh ar chomhlachtaí creidiúnaithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 7845 final Annexes 1 to 2.

---

Faoi iamh: C(2025) 7845 final Annexes 1 to 2

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 20.11.2025
C(2025) 7845 final

ANNEXES 1 to 2

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**Rialachán Tarmligthe (AE) .../... ón gCoimisiún**

**lena bhforlíontar Rialachán (AE) 2023/956 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle trí shonrú a dhéanamh ar na coinníollacha maidir le creidiúnú fíoraitheoirí a dheonú, rialú agus formhaoirseacht a dhéanamh ar fhíoraitheoirí creidiúnaithe, creidiúnú a tharraingt siar, agus aitheantas frithpháirteach agus meastóireacht piaraí a dhéanamh ar chomhlachtaí creidiúnaithe**

# IARSCRÍBHINN I — Raon feidhme an chreidiúnaithe

| Uimh. na grúpa gníomhaíochta SCCT | Raon feidhme an chreidiúnaithe | Grúpaí gníomhaíochta de bhun Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2018/2067 |
|---|---|---|
| | *Catagóir earraí chomhiomlánaithe* | |
| I | Cré chailcínithe<br>Clincear stroighne<br>Stroighin<br>Stroighin alúmanach | 1a, 1b, 6, 98 |
| II | Hidrigin<br>Amóinia | 1a, 1b, 8, 98 |
| III | Aigéad nítreach | 1a, 1b, 9, 98 |
| IV | Úiré<br>Leasacháin mheasctha | 1a, 1b, 98 |
| V | Mian shintéaraithe<br>Muciarann<br>Iarann atá laghdaithe go díreach<br>Amhchruach | 1a, 1b, 3, 98 |
| VI | Fearó-chóimhiotail (FeMn, FeCr, FeNi) | 1a, 1b, 4, 98 |
| VII | Alúmanam neamhshaoirsithe | 1a, 1b, 4, 5, 98 |
| VIII | Táirgí iarainn nó cruach<br>Táirgí alúmanaim | 1a, 1b, 4, 98 |
| | *Gníomhaíochtaí eile* | |
| L | Gabháil, úsáid agus stóráil carbóin (GÚSC) | 10, 11 |
| LI | Leictreachas a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais | neamhbhainteach |
| LII | Astaíochtaí indíreacha | neamhbhainteach |

# IARSCRÍBHINN II – Ceanglais ar fhíoraitheoirí

## 1. CEANGLAIS AR FHÍORAITHEOIRÍ MAIDIR LE HINNIÚLACHT

### 1.1 An próiseas inniúlachta, na critéir inniúlachta agus faireachán ar fheidhmíocht

#### *1.1.1 Próiseas inniúlachta leanúnaí*

Déanfaidh an fíoraitheoir próiseas inniúlachta a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go mbeidh an pearsanra uile a gcuirtear gníomhaíochtaí fíorúcháin ar a n-iontaoibh inniúil ar na cúraimí a leithdháiltear orthu.

Chun críocha an phróisis inniúlachta dá dtagraítear sa chéad mhír, déanfaidh an fíoraitheoir na critéir inniúlachta seo a leanas a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun:

(a) critéir ghinearálta inniúlachta le haghaidh an phearsanra uile atá i mbun gníomhaíochtaí fíorúcháin;

(b) critéir shonracha inniúlachta le haghaidh gach ball foirne atá i mbun gníomhaíochtaí fíorúcháin, go háirithe le haghaidh an phríomhiniúchóra SCCT, an iniúchóra SCCT, an athbhreithneora neamhspleách agus an duine is saineolaí teicniúil san fhíorú;

(c) modh chun inniúlacht leanúnach an phearsanra uile atá i mbun gníomhaíochtaí fíorúcháin a áirithiú, agus chun meastóireacht rialta ar a bhfeidhmíocht a áirithiú;

(d) próiseas chun oiliúint leanúnach a áirithiú don phearsanra atá i mbun gníomhaíochtaí fíorúcháin;

(e) próiseas chun measúnú a dhéanamh ar cé acu a thagann nó nach dtagann an sannachán fíorúcháin faoi raon feidhme chreidiúnú an fhíoraitheora, agus i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil an inniúlacht, an pearsanra agus na hacmhainní is gá ag an bhfíoraitheoir chun an fhoireann fíorúcháin a roghnú agus chun na gníomhaíochtaí fíorúcháin a chur i gcrích laistigh den tráthchlár is gá.

Na critéir inniúlachta dá dtagraítear sa dara mír, pointe (b), bainfidh siad go sonrach le gach raon feidhme creidiúnaithe dá bhfuil gníomhaíochtaí fíorúcháin á ndéanamh ag an bpearsanra atá i gceist.

Agus inniúlacht an phearsanra á meas ag an bhfíoraitheoir de bhun an dara mír, pointe (c), déanfaidh sé an inniúlacht sin a mheasúnú in aghaidh na gcritéar inniúlachta dá dtagraítear sa dara mír, pointí (a) agus (b).

Sa phróiseas dá dtagraítear sa dara mír, pointe (e), áireofar freisin próiseas chun measúnú a dhéanamh i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil an inniúlacht agus an pearsanra uile is gá ag an bhfoireann fíorúcháin chun gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéanamh le haghaidh oibreoir sonrach.

Forbróidh an fíoraitheoir critéir inniúlachta ghinearálta agus shonracha lena gcomhlíonfar na ceanglais a leagtar amach i Ranna 1.2, 1.3 agus 1.4.

### *1.1.2 Faireachán agus meastóireacht*

Déanfaidh an fíoraitheoir faireachán go tráthrialta, agus uair sa bhliain ar a laghad, ar fheidhmíocht an phearsanra uile atá i mbun gníomhaíochtaí fíorúcháin chun a dheimhniú go bhfuil na scileanna agus an t-eolas is gá acu fós chun na cúraimí a shanntar dóibh a dhéanamh.

Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar inniúlacht agus ar fheidhmíocht phríomhiniúchóir SCCT agus iniúchóir SCCT.

Le linn an fhíoraithe ar an láthair ar thuarascáil astaíochtaí oibreora, déanfaidh an fíoraitheoir faireachán ar na hiniúchóirí sin de réir mar is iomchuí, chun a chinneadh cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann siad na critéir inniúlachta.

Má theipeann ar bhall foirne a léiriú go gcomhlíonann sé na critéir inniúlachta go hiomlán maidir le cúram sonrach atá sannta dó, sainaithneoidh agus eagróidh an fíoraitheoir an oiliúint

bhreise nó an taithí oibre faoi mhaoirseacht a bhfuil gá léi. Déanfaidh an fíoraitheoir faireachán ar an mball foirne sin go dtí go léireoidh an ball foirne don fhíoraitheoir go bhfuil na critéir inniúlachta á gcomhlíonadh aige.

Chun críocha an athbhreithnithe neamhspleách ar na gníomhaíochtaí fíorúcháin a bhaineann le sannachán fíorúcháin ar leith, ceapfaidh an fíoraitheoir athbhreithneoir neamhspleách nach mbeidh ina chuid den fhoireann fíorúcháin.

**1.2 Ceanglais inniúlachta ar iniúchóirí SCCT**

I gcás gach sannacháin fíorúcháin, tiomsóidh an fíoraitheoir foireann fíorúcháin ina mbeidh príomhiniúchóir SCCT amháin agus líon iomchuí iniúchóirí SCCT atá in ann na gníomhaíochtaí fíorúcháin dá dtagraítear i Roinn 2 a dhéanamh.

Comhlíonfaidh an príomhiniúchóir SCCT na ceanglais inniúlachta a bhíonn ar iniúchóir SCCT agus beidh inniúlacht léirithe aige ar é féin a chur in iúl go héifeachtach i mBéarla.

Beidh an inniúlacht is gá ag gach iniúchóir SCCT chun measúnú a dhéanamh ar phleananna faireacháin agus chun tuarascálacha astaíochtaí na n-oibreoirí a fhíorú i gcomhréir le Rialachán (AE) 2023/956, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]* an Rialachán seo, agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*.

Chun na críche sin, beidh an méid seo a leanas ar a laghad ag gach iniúchóir SCCT:

(a) eolas ar chreidiúnú, ar ghníomhaíochtaí fíorúcháin agus ar fhaireachán agus ríomh astaíochtaí leabaithe de bhun an Rialacháin seo, Rialachán (AE) 2023/956, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*, eolas ar bhailiú, faireachán agus tuairisciú sonraí atá ábhartha maidir le leithdháileadh saor in aisce de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8152]* agus reachtaíocht, caighdeáin chomhchuibhithe agus treoirlínte eile is infheidhme;

(b) eolas agus taithí ar iniúchóireacht sonraí agus faisnéise, lena n- áirítear an méid seo a leanas:

   (1) modheolaíochtaí um iniúchóireacht sonraí agus faisnéise, cur i bhfeidhm na tairsí ábharthachta, agus measúnú a dhéanamh ar ábharthacht míráiteas;

   (2) anailís a dhéanamh ar rioscaí bunúsacha agus ar rioscaí rialúcháin;

   (3) teicnící samplála i ndáil le sampláil sonraí agus seiceáil gníomhaíochtaí rialúcháin;

   (4) measúnú a dhéanamh ar chórais sonraí agus faisnéise, ar chórais TF, ar ghníomhaíochtaí sreafa sonraí, ar ghníomhaíochtaí rialúcháin, ar chórais rialaithe agus ar nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí rialúcháin;

(c) an cumas tabhairt faoi na gníomhaíochtaí a bhaineann le tuarascáil astaíochtaí oibreora a fhíorú mar a cheanglaítear faoi Airteagal 13;

(d) eolas agus taithí ar na gnéithe teicniúla earnáilsonracha i ndáil le faireachán agus tuairisciú atá ábhartha maidir le raon feidhme na ngníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a bhfuil fíorú á dhéanamh ag an iniúchóir SCCT ina leith.

Ina theannta sin, áireofar ar an bhfoireann fíorúcháin iniúchóir SCCT amháin ar a laghad ag a mbeidh an méid seo a leanas:

(a) an cumas é féin a chur in iúl go héifeachtach sa teanga is gá chun scrúdú a dhéanamh ar an bhfaisnéis a chuireann an t-oibreoir isteach;

(b) an inniúlacht theicniúil agus an tuiscint is gá chun measúnú a dhéanamh ar na gnéithe teicniúla sonracha i ndáil le faireachán agus tuairisciú a bhaineann le gníomhaíochtaí na suiteála dá dtagraítear san Iarscríbhinn seo;

(c) i gcás ina ndéanann an fíoraitheoir sonraí a fhíorú maidir le leictreachas a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais, an inniúlacht theicniúil agus an tuiscint theicniúil is gá chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise a theastaíonn chun comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos i Roinn 5, an chéad mhír, pointí (a) go (d), d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a léiriú;

(d) i gcás ina ndéanann an fíoraitheoir sonraí a fhíorú maidir le hearraí nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialacháin (AE) 2023/956, an inniúlacht theicniúil agus an tuiscint theicniúil is gá chun measúnú a dhéanamh ar an bhfianaise a theastaíonn chun comhlíonadh na gcritéar a leagtar síos i Roinn 6 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 a léiriú.

**1.3 Ceanglais ar athbhreithneoirí neamhspleácha maidir le hinniúlacht**

Beidh an t-údarás iomchuí ag an athbhreithneoir neamhspleách chun athbhreithniú a dhéanamh ar an dréacht-tuarascáil fíorúcháin agus ar an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach de bhun Roinn 2.15.

Comhlíonfaidh an t-athbhreithneoir neamhspleách na ceanglais maidir le hinniúlacht a bhfuil feidhm acu i ndáil le hiniúchóir SCCT, dá dtagraítear i Roinn 1.2, agus beidh an cumas aige é féin a chur in iúl go héifeachtach i mBéarla.

Beidh an inniúlacht is gá ag an athbhreithneoir neamhspleách chun na gníomhaíochtaí seo a leanas a dhéanamh:

(a) anailís a dhéanamh ar an bhfaisnéis a sholáthraítear agus a hiomláine agus a sláine a dheimhniú;

(b) fiosruithe a dhéanamh maidir le haon fhaisnéis atá in easnamh agus agóid a dhéanamh in aghaidh faisnéis bhréagnaitheach;

(c) rianta sonraí a sheiceáil chun measúnú a dhéanamh ar cé acu atá nó nach bhfuil an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach iomlán agus cé acu atá nó nach bhfuil faisnéis leordhóthanach inti chun tacú le conclúidí na dréacht-tuarascála fíorúcháin.

**1.4 Rannpháirtíocht saineolaithe teicniúla san fhíorú**

Agus gníomhaíochtaí fíorúcháin á ndéanamh ag fíoraitheoir, féadfaidh sé saineolaithe teicniúla san fhíorú a úsáid chun eolas mionsonraithe agus saineolas a sholáthar ar ábhar sonrach, ar eolas agus saineolas iad is gá chun tacú leis an iniúchóir SCCT agus a ngníomhaíochtaí fíorúcháin á ndéanamh aige. I gcás nach bhfuil sé d'inniúlacht ag an athbhreithneoir neamhspleách saincheist áirithe a mheasúnú sa phróiseas athbhreithniúcháin, iarrfaidh an fíoraitheoir tacaíocht ón duine is saineolaí teicniúil san fhíorú.

Beidh an inniúlacht agus an saineolas is gá ag an duine is saineolaí teicniúil san fhíorú chun tacú go héifeachtach leis na hiniúchóirí SCCT, nó leis an athbhreithneoir neamhspleách, i gcás inar gá, maidir leis an ábhar a n-iarrtar eolas agus saineolas ó shaineolaí ina leith. Ina theannta sin, beidh tuiscint leormhaith ag an duine is saineolaí teicniúil san fhíorú ar na saincheisteanna dá dtagraítear i Roinn 1.2, an ceathrú mír, pointí (a), (b) agus (c).

Déanfaidh an duine is saineolaí teicniúil san fhíorú cúraimí sonraithe faoi stiúir agus faoi lánfhreagracht an athbhreithneora neamhspleách nó phríomhiniúchóirí SCCT na foirne fíorúcháin ina bhfuil an saineolaí teicniúil ag oibriú.

**1.5 Nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí fíorúcháin**

***1.5.1 Nósanna imeachta agus próisis maidir le gníomhaíochtaí fíorúcháin***

Comhlíonfaidh na gníomhaíochtaí fíorúcháin an caighdeán comhchuibhithe seo a leanas:

– EN ISO/IEC 17029:2019 Measúnú Comhréireachta – Prionsabail agus ceanglais ghinearálta le haghaidh comhlachtaí bailíochtúcháin agus fíorúcháin (ISO/IEC 17029:2019)[1].

I dteannta an chaighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear sa chéad mhír, déanfar gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun i gcomhréir leis na nósanna imeachta agus na próisis a leagtar síos i Roinn 2.

***1.5.2 Córas bainistithe cáilíochta***

Déanfaidh na fíoraitheoirí córas bainistithe cáilíochta a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú go ndéanfar forbairt, cur chun feidhme, feabhsú agus athbhreithniú comhsheasmhach ar na nósanna imeachta agus ar na próisis i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear i Roinn 1.5.1.

***1.5.3 Nósanna imeachta breise***

I dteannta an chaighdeáin chomhchuibhithe dá dtagraítear i Roinn 1.5.1, bunóidh na fíoraitheoirí na nósanna imeachta, próisis agus socruithe seo a leanas:

(a) próiseas agus beartas maidir le cumarsáid leis an oibreoir agus le páirtithe ábhartha eile;

(b) socruithe leordhóthanacha chun rúndacht na faisnéise a fhaightear a chosaint;

(c) próiseas chun déileáil le hachomhairc;

(d) próiseas chun déileáil le gearáin (lena n-áirítear scála ama táscach);

(e) próiseas chun tuarascáil fíorúcháin athbhreithnithe a eisiúint i gcás ina sainaithnítear earráid sa tuarascáil fíorúcháin nó i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora tar éis don fhíoraitheoir an tuarascáil fíorúcháin a chur faoi bhráid an oibreora;

(f) nós imeachta nó próiseas chun gníomhaíochtaí fíorúcháin a sheachfhoinsiú chuig eagraíochtaí eile;

(g) nós imeachta nó próiseas chun a áirithiú go nglacfaidh an fíoraitheoir freagracht iomlán as gníomhaíochtaí fíorúcháin arna ndéanamh ag daoine aonair ar conradh;

(h) próisis lena n-áirithítear feidhmiú cuí an chórais bainistithe cáilíochta dá dtagraítear i Roinn 1.5.2, lena n-áirítear na próisis seo a leanas:

    (1) próiseas chun an córas bainistíochta a athbhreithniú, atá le reáchtáil uair sa bhliain ar a laghad, gan tréimhse is faide ná 15 mhí a bheith idir na hathbhreithnithe bainistíochta;

[1] Dá dtagraítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2020/1835 ón gCoimisiún an 3 Nollaig 2020 maidir leis na caighdeáin chomhchuibhithe i ndáil le creidiúnú agus measúnú comhréireachta (IO L 408, 4.12.2020, lch. 6).

(2) próiseas chun iniúchtaí inmheánacha a dhéanamh uair sa bhliain ar a laghad, gan tréimhse is faide ná 15 mhí a bheith idir na hiniúchtaí inmheánacha.

**1.6 Taifid agus cumarsáid**

Déanfaidh an fíoraitheoir taifid a choinneáil ar bun agus a bhainistiú chun comhlíonadh an Rialacháin seo a léiriú, lena n-áirítear comhlíonadh a mhéid a bhaineann le hinniúlacht agus neamhchlaontacht a phearsanra.

Cuirfidh an fíoraitheoir faisnéis ar fáil don oibreoir agus do pháirtithe ábhartha eile go tráthrialta i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear i Roinn 1.5.1.

Cosnóidh an fíoraitheoir rúndacht na faisnéise a fhaightear le linn an fhíoraithe, i gcomhréir leis an gcaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear in Roinn 1.5.1.

**1.7 Neamhchlaontacht agus neamhspleáchas**

***1.7.1 Prionsabail ghinearálta***

Beidh an fíoraitheoir neamhspleách ar an oibreoir, ar na húdaráis inniúla arna n-ainmniú de bhun Airteagal 11(1) de Rialachán (AE) 2023/956 agus ar an gCoimisiún. Beidh an fíoraitheoir neamhchlaonta freisin maidir lena ghníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéanamh, agus is ar mhaithe le leas an phobail a dhéanfaidh sé an fíorú.

Chun neamhspleáchas agus neamhchlaontacht a áirithiú, ní bheidh an fíoraitheoir ná aon chuid den eintiteas dlítheanach céanna ina oibreoir, ina úinéir oibreora ná faoi úinéireacht oibreora, ná ní bheidh caidreamh ag an bhfíoraitheoir leis an oibreoir, ar caidreamh é a d'fhéadfadh difear a dhéanamh dá neamhspleáchas agus dá neamhchlaontacht.

Eagrófar na fíoraitheoirí sa chaoi go n-áiritheofar a n-oibiachtúlacht, a neamhspleáchas agus a neamhchlaontacht. Chun críocha an Rialacháin seo, beidh feidhm ag na ceanglais ábhartha a leagtar síos sa chaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear i Roinn 1.5.1.

Ní dhéanfaidh na fíoraitheoirí gníomhaíochtaí fíorúcháin le haghaidh oibreora i gcás ina gcruthódh sé sin riosca do-ghlactha dá neamhchlaontacht nó i gcás ina mbeadh coinbhleacht leasa acu i leith an oibreora sin. Ní bhainfidh an fíoraitheoir úsáid as pearsanra ná as daoine atá ar conradh chun tuarascáil a fhíorú i gcás ina mbeadh coinbhleacht leasa iarbhír nó fhéideartha ann dá bharr sin. Áiritheoidh an fíoraitheoir freisin nach ndéanfaidh gníomhaíochtaí pearsanra ná eagraíochtaí difear do rúndacht, d'oibiachtúlacht, do neamhspleáchas ná do neamhchlaontacht an fhíorúcháin. Chun na críche sin, déanfaidh an fíoraitheoir faireachán ar na rioscaí don neamhchlaontacht agus déanfaidh sé beart iomchuí chun aghaidh a thabhairt ar na rioscaí sin.

***1.7.2 Riosca do-ghlactha***

Measfar go bhfuil riosca do-ghlactha don neamhchlaontacht nó coinbhleacht leasa tagtha chun cinn, *inter alia*, i gcás ina ndéanann fíoraitheoir, nó aon chuid den eintiteas dlítheanach céanna, an méid seo a leanas:

(a) seirbhísí sainchomhairleoireachta a sholáthar chun cuid den phróiseas faireacháin agus tuairiscithe ar a dtugtar tuairisc sa phlean faireacháin a fhorbairt, lena n-áirítear forbairt na modheolaíochta faireacháin, dréachtú na tuarascála astaíochtaí, nó dréachtú an phlean faireacháin;

(b) cúnamh teicniúil a sholáthar chun an córas faireacháin agus tuairiscithe astaíochtaí nó faisnéis ábhartha eile faoi Rialachán (AE) 2023/956 a fhorbairt nó a choinneáil ar bun.

***1.7.3 Coinbhleacht leasa***

Measfar go bhfuil coinbhleacht leasa tagtha chun cinn idir an fíoraitheoir agus an t-oibreoir, in aon cheann de na cásanna seo a leanas go háirithe:

(a) i gcás ina bhfuil an caidreamh idir an fíoraitheoir agus an t-oibreoir bunaithe ar chomhúinéireacht, ar rialachas coiteann, ar chomhbhainistíocht nó ar phearsanra coiteann, ar acmhainní comhroinnte, ar mhaoiniú coiteann nó ar chomhchonarthaí nó ar mhargaíocht choiteann;

(b) i gcás ina bhfuil na seirbhísí sainchomhairleoireachta dá dtagraítear i Roinn 1.7.2, pointe (a), nó an cúnamh teicniúil dá dtagraítear i Roinn 1.7.2, pointe (b), faighte ag an oibreoir ó chomhlacht comhairleach, ó chomhlacht cúnaimh theicniúil nó ó eagraíocht eile ag a bhfuil caidreamh leis an bhfíoraitheoir, ar seirbhísí iad a chuireann neamhchlaontacht an fhíoraitheora i mbaol.

Chun críocha na chéad mhíre, pointe (b), measfar go bhfuil neamhchlaontacht an fhíoraitheora i mbaol i gcás ina bhfuil an caidreamh idir an fíoraitheoir agus an comhlacht comhairleach, an comhlacht cúnaimh theicniúil nó an eagraíocht eile bunaithe ar chomhúinéireacht, ar rialachas coiteann, ar chomhbhainistíocht nó ar phearsanra coiteann, ar acmhainní comhroinnte, ar mhaoiniú coiteann, ar chomhchonarthaí nó margaíocht choiteann, agus ar íocaíocht choiteann coimisiúin díolacháin nó dreasú eile chun cliaint nua a atreorú.

### *1.7.4 Gníomhaíochtaí fíorúcháin a sheachfhoinisú*

Ní dhéanfaidh fíoraitheoirí an t-athbhreithniú neamhspleách ná dréachtú agus eisiúint na dtuarascálacha fíorúcháin a sheachfhoinsiú.

I gcás ina ndéanann na fíoraitheoirí gníomhaíochtaí fíorúcháin eile a sheachfhoinsiú, comhlíonfaidh siad na ceanglais ábhartha a leagtar síos sa chaighdeán comhchuibhithe dá dtagraítear in Roinn 1.5.1. Beidh an fíoraitheoir faoi réir na n-oibleagáidí seo a leanas, i measc oibleagáidí eile:

(a) freagracht iomlán as an bhfíorú agus as an tuarascáil fíorúcháin a choinneáil;

(b) an comhlacht seachfhoinsithe a chur faoi cheanglas fianaise neamhspleách a sholáthar lena léirítear go bhfuil Ranna 1.7.1, 1.7.2 agus 1.7.3 á gcomhlíonadh acu;

(c) toiliú a fháil ón oibreoir chun an comhlacht seachfhoinsithe a úsáid; agus

(d) comhaontú a bheith aige, arna dhoiciméadú go cuí, leis an gcomhlacht seachfhoinsithe.

### *1.7.5 Próiseas chun neamhchlaontacht agus neamhspleáchas leanúnach a áirithiú*

Déanfaidh na fíoraitheoirí próiseas a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun a neamhchlaontacht agus a neamhspleáchas leanúnach a áirithiú, mar aon le neamhchlaontacht agus neamhspleáchas leanúnach na gcodanna den eintiteas dlítheanach céanna, na gcomhlachtaí agus na n-eagraíochtaí eile dá dtagraítear i Roinn 1.7.3, agus an phearsanra uile agus na ndaoine uile ar conradh a bhfuil baint acu leis an bhfíorú. Áireofar sa phróiseas sin sásra chun neamhchlaontacht agus neamhspleáchas an fhíoraitheora a chosaint.

### *1.7.6 Fíorúcháin as a chéile ar an tsuiteáil chéanna*

Nuair a bheidh fíorú á dhéanamh ar an tsuiteáil chéanna a fíoraíodh an bhliain roimhe sin, déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar an riosca don neamhchlaontacht agus déanfaidh sé bearta chun an riosca don neamhchlaontacht a laghdú.

Má dhéanann príomhiniúchóir SCCT cúig fhíorú bhliantúla le haghaidh suiteáil ar leith, agus más rud é nach ndearna aon phríomhiniúchóir SCCT eile fíorú bliantúil ar an tsuiteáil le linn

an ama sin, tógfaidh príomhiniúchóir SCCT sos 3 bliana as a chéile ó sheirbhísí fíorúcháin a sholáthar maidir leis an tsuiteáil chéanna sin.

## 2. CEANGLAIS MAIDIR LE GNÍOMHAÍOCHTAÍ FÍORÚCHÁIN

### 2.1 Oibleagáidí ginearálta an fhíoraitheora

#### *2.1.1 Oibleagáidí ginearálta maidir leis an bhfíorú*

An próiseas a bhaineann le tuarascáil astaíochtaí oibreora a fhíorú, beidh sé ina uirlis éifeachtach iontaofa chun tacú le nósanna imeachta um dhearbhú cáilíochta agus um rialú cáilíochta, agus mar fhreagairt ar an bpróiseas, beidh an t-oibreoir in ann gníomhú chun feabhas a chur ar an bhfeidhmíocht maidir le hastaíochtaí a thuairisciú agus faireachán a dhéanamh orthu.

Beidh úsáideoirí in ann brath ar thuarascáil astaíochtaí ó oibreoir fíoraithe. Léireofar go dílis inti an méid a mhaítear a léirítear inti nó an méid a fhéadfar a mheas go réasúnach a bheith á léiriú inti.

Déanfaidh an fíoraitheoir na gníomhaíochtaí fíorúcháin atá ina gceanglais faoin Roinn seo agus cuirfidh sé na prionsabail fíorúcháin i bhfeidhm faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]* agus ullmhóidh sé tuarascáil fíorúcháin lena suífear le dearbhú réasúnta cé acu atá nó nach bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora saor ó mhíráitis ábhartha.

Déanfaidh an fíoraitheoir an fíorú a phleanáil agus a dhéanamh de mheon an sceipteachais ghairmiúil, ag aithint dó go bhféadfadh sé go bhfuil imthosca ann a fhágann go bhfuil míráitis ábhartha san fhaisnéis i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora.

#### *2.1.2 Oibleagáidí ginearálta le linn an fhíoraithe*

Le linn an fhíoraithe, déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar an méid seo a leanas:

(a) go bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora iomlán agus go gcomhlíonann sí na ceanglais a leagtar síos in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*;

(b) gur ghníomhaigh an t-oibreoir i gcomhréir le plean faireacháin na suiteála;

(c) go bhfuil na sonraí i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora saor ó mhíráitis ábhartha;

(d) gur féidir faisnéis a sholáthar chun tacú le gníomhaíochtaí sreafa sonraí, córas rialúcháin agus nósanna imeachta gaolmhara an oibreora chun feabhas a chur ar fheidhmíocht faireacháin agus tuairiscithe an oibreora.

Chun críocha phointe (c), gheobhaidh an fíoraitheoir fianaise shoiléir oibiachtúil ón oibreoir chun tacú leis na hastaíochtaí leabaithe tuairiscithe agus le sonraí eile a bhaineann leis na hearraí a tháirgtear, agus an fhaisnéis eile ar fad a sholáthraítear i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora á cur san áireamh.

Má fhaigheann an fíoraitheoir amach go bhfuil suiteáil ann nach bhfuil a plean faireacháin i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*, déanfaidh sé an beart is gá i gcomhréir le Roinn 2.14.

### 2.2 Oibleagáidí réamhchonarthacha agus leithdháileadh ama

Sula nglacfaidh an fíoraitheoir le sannachán fíorúcháin, gheobhaidh sé tuiscint cheart ar shuiteáil an oibreora agus déanfaidh sé measúnú i dtaobh cé acu is féidir nó nach féidir leis

tabhairt faoin bhfíorú. Chun na críche sin, déanfaidh an fíoraitheoir an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) athbhreithniú ar an bhfaisnéis arna soláthar ag an oibreoir chun raon feidhme an fhíoraithe a chinneadh;

(b) measúnú i dtaobh cé acu a thagann nó nach dtagann an sannachán fíorúcháin faoi raon feidhme a chreidiúnaithe;

(c) measúnú i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil an inniúlacht, an pearsanra agus na hacmhainní is gá aige chun foireann fíorúcháin a roghnú a bheidh in ann déileáil le castacht na suiteála, agus i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil ar a chumas na gníomhaíochtaí fíorúcháin a chur i gcrích laistigh den tréimhse ama is gá;

(d) measúnú i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil ar a chumas a áirithiú, maidir leis an bhfoireann fíorúcháin ionchasach atá ar fáil dó, go bhfuil an inniúlacht agus na daoine uile aici a bhfuil gá leo chun gníomhaíochtaí fíorúcháin a dhéanamh le haghaidh na suiteála ar leith sin;

(e) meastóireacht ar na rioscaí atá i gceist le tuarascáil an oibreora a fhíorú i gcomhréir leis an Rialachán seo;

(f) a fháil amach, maidir le gach sannachán fíorúcháin a iarrtar, cé mhéad ama is gá a leithdháileadh chun an fíorú a dhéanamh i gceart, agus castacht na suiteála, an fhaireacháin agus an tsannacháin fíorúcháin á gcur san áireamh.

Áiritheoidh an fíoraitheoir go ndéanfar foráil sa chonradh fíorúcháin maidir leis an bhféidearthacht go ngearrfar am breise anuas ar an am a chomhaontaítear sa chonradh, i gcás ina bhfaighfear amach go bhfuil gá leis an am breise sin le haghaidh na hanailíse straitéisí, na hanailíse riosca nó gníomhaíochtaí fíorúcháin eile.

Déanfaidh an fíoraitheoir an t-am a leithdháiltear sa doiciméadacht fíorúcháin inmheánach a thaifeadadh.

**2.3 Faisnéis atá le fáil ó oibreoirí**

Roimh an anailís straitéiseach agus ag pointí eile ama le linn an fhíoraithe, gheobhaidh an fíoraitheoir na nithe uile seo a leanas ón oibreoir:

(a) an leagan is déanaí de phlean faireacháin an oibreora, arna ullmhú i gcomhréir le pointe A.5 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*;

(b) doiciméadacht ábhartha nó tuairisc ar an tsuiteáil, ar na nósanna imeachta agus na próisis nó ar na sreabhchairteacha a ullmhaítear agus a choinnítear cothrom le dáta lasmuigh den phlean faireacháin;

(c) más infheidhme, taifead ar na hathruithe uile a rinneadh ar an tsuiteáil agus ar an bplean faireacháin ó rinneadh an fíorú deireanach;

(d) más infheidhme, plean samplála an oibreora, arna ullmhú i gcomhréir le pointe A.6 d’Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*;

(e) tuarascáil astaíochtaí an oibreora atá le fíorú;

(f) tuarascáil astaíochtaí an oibreora agus an tuarascáil fíorúcháin ghaolmhar don tréimhse thuairiscithe roimhe sin, murab é an fíoraitheoir céanna a d’fhíoraigh í;

(g) i gcás inarb infheidhme, faisnéis faoin gcaoi ar cheartaigh an t-oibreoir neamh-chomhréireachtaí nó faoin gcaoi ar thug sé aghaidh ar mholtaí le haghaidh feabhsúchán, ar moltaí iad a tuairiscíodh sa tuarascáil fíorúcháin i ndáil leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin;

(h) más infheidhme, na tuarascálacha fíorúcháin i ndáil le réamhtheachtaithe a úsáidtear ach nach dtáirgtear ag an tsuiteáil;

(i) i gcás inar úsáid an t-oibreoir am iarbhír táirgthe an réamhtheachtaí chun an tréimhse thuairiscithe a chinneadh, ar lena linn a táirgeadh an réamhtheachtaí, fianaise ar am iarbhír an táirgthe;

(j) i gcás inar úsáideadh, sa phróiseas táirgthe le haghaidh earra coimpléascach, cineál réamhtheachtaí a fuarthas ó shuiteálacha iomadúla, na sainastaíochtaí leabaithe díreacha agus, más infheidhme, na sainastaíochtaí leabaithe indíreacha atá le húsáid don réamhtheachtaí sin, agus léiriú ar cé acu trí úsáid a bhaint as an modh réamhshocraithe a leagtar síos in Airteagal 14 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]* a cinneadh na sainastaíochtaí leabaithe, nó trí astaíochtaí leabaithe an réamhtheachtaí arna fháil ó shuiteáil shonrach nó ó fhothacar suiteálacha a ríomh i gcomhréir leis an Airteagal sin;

(k) i gcás ina dtáirgtear earraí nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 ag an tsuiteáil, agus i gcás nach n-úsáideann an t-oibreoir an luach réamhshocraithe le haghaidh an fhachtóra astaíochta leictreachais ná an luach le haghaidh leictreachas a tháirgtear ag an tsuiteáil, na heilimintí seo a leanas:

    (1) tuarascáil fíorúcháin na suiteála ag a mbíonn leictreachas á tháirgeadh;

    (2) an fhianaise dá dtagraítear i bpointe D.4.3 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*.

(l) i gcás ina mbíonn leictreachas arna allmhairiú isteach i gcríoch chustaim an Aontais á tháirgeadh ag an tsuiteáil, an fhianaise dá dtagraítear i bpointe D.2.4 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*;

(m) faisnéis faoi na bunachair sonraí agus na foinsí sonraí a úsáidtear chun críoch faireacháin agus tuairiscithe;

(n) aon fhaisnéis ábhartha eile is gá chun an fíorú a phleanáil agus a dhéanamh.

**2.4 Anailís straitéiseach**

***2.4.1 Measúnú ar chineál, scála agus castacht dhóchúil na gcúraimí fíorúcháin***

Ag tús an fhíoraithe, déanfaidh an fíoraitheoir cineál, scála agus castacht dhóchúil na gcúraimí fíorúcháin a mheasúnú trí anailís straitéiseach a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí uile is gá dó a dhéanamh chun an tsuiteáil a fhíorú.

Le linn don fhíoraitheoir an anailís straitéiseach a dhéanamh, ba cheart dó na nithe seo a leanas a sheiceáil:

(a) gurb é an leagan is déanaí den phlean faireacháin a cuireadh faoina bhráid, agus cé acu a áiríodh nó nár áiríodh sa tuarascáil fíorúcháin roimhe sin aon neamh-chomhréireacht nó aon mholadh le haghaidh feabhsúcháin;

(b) cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh aon mhodhnú ar an tsuiteáil nó ar an bplean faireacháin le linn na tréimhse tuairiscithe.

***2.4.2 Bailiú faisnéise***

Baileoidh an fíoraitheoir an fhaisnéis is gá chun a mheasúnú cé acu atá nó nach bhfuil inniúlacht leormhaith ag an bhfoireann fíorúcháin chun an fíorú a dhéanamh, chun a chinneadh go bhfuil an leithdháileadh ama a shonraítear sa chonradh socraithe i gceart agus chun a áirithiú go bhfuil sí in ann an anailís riosca is gá a dhéanamh.

***2.4.3 Athbhreithniú faisnéise***

Déanfaidh an fíoraitheoir athbhreithniú ar an bhfaisnéis dá dtagraítear i Roinn 2.4.2. Agus an fhaisnéis sin á hathbhreithniú ag an bhfíoraitheoir, déanfaidh sé measúnú ar an méid seo a leanas, ar a laghad:

(a) méid agus castacht na suiteála, líon na n-earraí éagsúla a tháirgtear, líon agus cineál na bpróiseas táirgthe agus na mbealaí táirgthe;

(b) an plean faireacháin agus mionsonraí na modheolaíochta faireacháin a leagtar síos ann;

(c) cineál, scála agus castacht na bhfoinsí astaíochtaí agus na sreabh foinseach, agus na nasc teicniúil idir próisis táirgthe, bealaí táirgthe agus suiteálacha eile, más ann dóibh;

(d) an trealamh tomhais a dtugtar tuairisc air sa phlean faireacháin, tionscnamh agus cur i bhfeidhm na bhfachtóirí ríomha, agus foinsí sonraí príomhúla eile;

(e) líon na réamhtheachtaithe éagsúla a úsáidtear ach nach dtáirgtear ag an tsuiteáil, agus a bhfoinsí éagsúla;

(f) maidir le hearraí a tháirgtear ag an tsuiteáil agus nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, an líon suiteálacha óna bhfaightear leictreachas agus an cur chuige a úsáideann an t-oibreoir chun fachtóir astaíochta an leictreachais a chinneadh, agus sonraí foluiteacha ábhartha ar bith;

(g) i gcás leictreachas a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais, an cur chuige a úsáideann an t-oibreoir chun fachtóir astaíochta an leictreachais a chinneadh, agus sonraí foluiteacha ábhartha ar bith;

(h) na gníomhaíochtaí sreafa sonraí agus an córas rialúcháin.

**2.5 Anailís riosca**

Chun fíorú éifeachtach a dhearadh, a phleanáil agus a chur chun feidhme, déanfaidh an fíoraitheoir na heilimintí seo a leanas a shainaithint agus a anailísiú:

(a) na rioscaí bunúsacha;

(b) na gníomhaíochtaí rialúcháin;

(c) i gcás inar cuireadh gníomhaíochtaí rialúcháin dá dtagraítear i bpointe (b) chun feidhme, na rioscaí rialúcháin a d'fhéadfadh difear a dhéanamh d'éifeachtacht na ngníomhaíochtaí rialúcháin sin.

Agus na heilimintí dá dtagraítear sa chéad mhír á sainaithint agus á n-anailísiú ag an bhfíoraitheoir, breithneoidh sé an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) torthaí na hanailíse straitéisí dá dtagraítear i Roinn 2.4;

(b) an fhaisnéis dá dtagraítear i Roinn 2.3 agus i Roinn 2.4.3, pointe (c);

(c) na leibhéil ábharthachta atá ina gceanglais mar a shonraítear i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*.

I gcás inarb iomchuí, i bhfianaise na faisnéise a fuarthas le linn an fhíoraithe, déanfaidh an fíoraitheoir an anailís riosca a athbhreithniú agus na gníomhaíochtaí fíorúcháin a bheidh le déanamh a mhodhnú nó a athdhéanamh.

**2.6 Plean fíorúcháin**

***2.6.1 Ábhar íosta an phlean fíorúcháin***

Dréachtóidh an fíoraitheoir plean fíorúcháin a bheidh ag teacht leis an bhfaisnéis a fuarthas agus na rioscaí a sainaithníodh le linn na hanailíse straitéisí agus na hanailíse riosca. Áireofar sa phlean fíorúcháin an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) clár fíorúcháin ina dtugtar tuairisc ar chineál agus ar raon feidhme na ngníomhaíochtaí fíorúcháin, mar aon leis an am agus an bealach a ndéanfar na gníomhaíochtaí sin;

(b) plean trialach ina leagtar amach an raon feidhme agus na modhanna chun na gníomhaíochtaí rialúcháin a thástáil, chomh maith leis na nósanna imeachta maidir le gníomhaíochtaí rialúcháin;

(c) plean samplála sonraí ina leagtar amach raon feidhme agus modhanna na samplála sonraí a bhaineann le pointí sonraí is bun leis na hastaíochtaí leabaithe agus faisnéis eile i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora.

Agus méid na samplála agus na gníomhaíochtaí samplála á gcinneadh ag an bhfíoraitheoir chun na gníomhaíochtaí rialúcháin dá dtagraítear i bpointe (b) den chéad fhomhír a thástáil, cuirfidh sé na heilimintí seo a leanas san áireamh:

(a) na rioscaí bunúsacha;

(b) an timpeallacht rialúcháin;

(c) na gníomhaíochtaí rialúcháin ábhartha;

(d) an ceanglas chun tuairim maidir leis an bhfíorú a sholáthar le dearbhú réasúnta.

Agus méid na samplála agus na gníomhaíochtaí samplála á gcinneadh ag an bhfíoraitheoir chun sampláil na sonraí dá dtagraítear i bpointe (c) den chéad fhomhír a dhéanamh, cuirfidh sé na heilimintí seo a leanas san áireamh:

(a) na rioscaí bunúsacha agus na rioscaí rialúcháin;

(b) torthaí na nósanna imeachta anailíseacha;

(c) an ceanglas chun tuairim maidir leis an bhfíorú a sholáthar le dearbhú réasúnta;

(d) an tairseach ábharthachta;

(e) ábharthacht an rannchuidithe a dhéanann eilimint sonraí aonair leis an tacar sonraí foriomlán.

***2.6.2 Cur chun feidhme agus nuashonrú an phlean fíorúcháin***

Bunóidh an fíoraitheoir an plean fíorúcháin agus cuirfidh sé chun feidhme é sa chaoi go laghdófar an riosca fíorúcháin chuig leibhéal inghlactha ar ar féidir dearbhú réasúnta a fháil go bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora saor ó mhíráitis ábhartha.

Tabharfaidh an fíoraitheoir an plean fíorúcháin cothrom le dáta má aimsíonn sé rioscaí breise is gá a laghdú nó más lú an riosca iarbhír ná mar a bhí coinne leis ar dtús.

**2.7 Gníomhaíochtaí fíorúcháin**

Cuirfidh an fíoraitheoir an plean fíorúcháin dá dtagraítear i Roinn 2.6 chun feidhme agus, ar bhonn na hanailíse riosca dá dtagraítear i Roinn 2.5, seiceálfaidh sé go bhfuil an plean faireacháin á chur chun feidhme i gceart.

Mar chuid den obair sin, déanfaidh an fíoraitheoir, ar a laghad, tástáil shubstainteach lena n-áireofar nósanna imeachta anailíseacha, fíorú sonraí agus fíorú go bhfuil an mhodheolaíocht faireacháin á cur i bhfeidhm i gceart, agus seiceálfaidh sé an méid seo a leanas:

(a) na gníomhaíochtaí sreafa sonraí agus na córais a úsáidtear sa sreabhadh sonraí, lena n-áirítear córais teicneolaíochta faisnéise;

(b) cé acu a dhéantar nó nach ndéantar gníomhaíochtaí rialúcháin an oibreora a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a thabhairt cothrom le dáta go hiomchuí, agus cé acu atá nó nach bhfuil siad éifeachtach maidir leis na rioscaí bunúsacha a mhaolú;

(c) cé acu atá nó nach bhfuil na nósanna imeachta a liostaítear sa phlean faireacháin éifeachtach ó thaobh mhaolú na rioscaí bunúsacha agus na rioscaí rialúcháin de, agus cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na nósanna imeachta a chur chun feidhme, a dhoiciméadú go leormhaith agus a choinneáil ar bun go hiomchuí.

Chun pointe (a) den chéad mhír a sheiceáil, déanfaidh an fíoraitheoir an sreabhadh sonraí a rianú de réir sheicheamh agus idirghníomhú na ngníomhaíochtaí sreafa sonraí, ó na sonraí foinse príomhúla go dtí tiomsú thuarascáil astaíochtaí an oibreora.

**2.8 Nósanna imeachta anailíseacha**

Úsáidfidh an fíoraitheoir nósanna imeachta anailíseacha chun sochreidteacht agus iomláine na sonraí a mheasúnú i gcás ina léiríonn an riosca bunúsach, an riosca rialúcháin agus oiriúnacht ghníomhaíochtaí rialúcháin an oibreora go bhfuil gá le nósanna imeachta anailíseacha den sórt sin.

Agus na nósanna imeachta anailíseacha sin á gcur i gcrích ag an bhfíoraitheoir, déanfaidh sé measúnú ar na sonraí tuairiscithe chun réimsí riosca a d'fhéadfadh a bheith ann a shainaithint agus chun na gníomhaíochtaí fíorúcháin atá beartaithe a bhailíochtú agus a chur in oiriúint ina dhiaidh sin. Déanfaidh an fíoraitheoir an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) sochreidteacht luaineachtaí agus treochtaí le himeacht ama nó idir ítimí inchomparáide a mheasúnú;

(b) asluitigh láithreacha, sonraí gan choinne agus bearnaí sonraí a shainaithint.

Agus na nósanna imeachta anailíseacha sin á gcur i bhfeidhm ag an bhfíoraitheoir, tabharfaidh sé faoi na nósanna imeachta seo a leanas:

(a) nósanna imeachta anailíseacha tosaigh maidir le sonraí comhiomlánaithe sula ndéanfar na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i Roinn 2.7 chun tuiscint a fháil ar chineál, castacht agus ábharthacht na sonraí tuairiscithe;

(b) nósanna imeachta anailíseacha substainteacha maidir leis na sonraí comhiomlánaithe agus na pointí sonraí is bun leis na sonraí sin chun earráidí struchtúracha féideartha agus asluitigh láithreacha a shainaithint;

(c) nósanna imeachta anailíseacha deiridh maidir leis na sonraí comhiomlánaithe chun a áirithiú gur réitíodh i gceart gach earráid a sainaithníodh le linn an phróisis fíorúcháin.

I gcás ina sainaithníonn an fíoraitheoir asluitigh, luaineachtaí, treochtaí, bearnaí sonraí nó sonraí nach bhfuil comhsheasmhach le faisnéis ábhartha eile nó a bhfuil éagsúlacht nach beag idir iad agus na méideanna nó cóimheasa a raibh coinne leo, gheobhaidh an fíoraitheoir mínithe ón oibreoir, a mbeidh gá le fianaise ábhartha bhreise chun tacú leo.

Ar bhonn na mínithe agus na fianaise breise a chuirfear ar fáil, déanfaidh an fíoraitheoir an tionchar ar an bplean fíorúcháin agus ar na gníomhaíochtaí fíorúcháin atá le déanamh a mheasúnú.

**2.9 Fíorú sonraí**

Fíoróidh an fíoraitheoir na sonraí i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora trí thástáil mhionsonraithe a dhéanamh ar na sonraí, lena n-áirítear rianú siar na sonraí go dtí an fhoinse sonraí phríomhúil, sonraí a chros-seiceáil le foinsí sonraí seachtracha, réitigh a dhéanamh, tairseacha maidir le sonraí iomchuí a sheiceáil agus athríomhanna a dhéanamh.

Mar chuid den fhíorú sonraí sin, agus an plean faireacháin á chur san áireamh, lena n-áirítear na nósanna imeachta a dtugtar tuairisc orthu sa phlean faireacháin sin, seiceálfaidh an fíoraitheoir an méid seo a leanas:

(a) teorainneacha na suiteála;

(b) teorainneacha phróisis táirgthe agus bhealaí táirgthe na suiteála;

(c) iomláine na sreabh foinseach agus na bhfoinsí astaíochtaí, agus iomláine na nasc teicniúil freisin, más infheidhme, idir próisis táirgthe agus le suiteálacha eile, mar a thugtar tuairisc orthu sa phlean faireacháin;

(d) comhsheasmhacht na sonraí a thuairiscítear i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora le sonraí foinse príomhúla;

(e) i gcás inarb infheidhme, na sonraí a eascraíonn as an bpríomhfhoinse sonraí i gcomparáid le foinse sonraí chomhthacaíoch, má tá siad ar fáil sa phlean faireacháin;

(f) i gcás ina gcuireann an t-oibreoir modheolaíocht thomhasbhunaithe i bhfeidhm dá dtagraítear in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*, na luachanna tomhaiste in aghaidh an ríomha chomhthacaíoch, faoi seach;

(g) leibhéil ghníomhaíochta thuairiscithe na bpróiseas táirgthe;

(h) iontaofacht agus cruinneas na sonraí.

**2.10 Cur i bhfeidhm ceart na modheolaíochta faireacháin a fhíorú**

Seiceálfaidh an fíoraitheoir gur cuireadh an mhodheolaíocht faireacháin, mar a leagtar síos sa phlean faireacháin, i bhfeidhm i gceart, lena n-áirítear na pointí sonracha seo a leanas:

(a) cé acu atá nó nach bhfuil na sonraí iomlán agus cé acu a tharla nó nár tharla bearnaí sonraí nó comhaireamh dúbailte, agus má tharla, cé acu a áirithítear nó nach n-áirithítear, leis an gcur chuige a úsáideann an t-oibreoir chun na sonraí atá in easnamh a chomhlánú, nach ndéantar gannmheastachán ar na hastaíochtaí;

(b) más infheidhme, cé acu a cuireadh nó nár cuireadh plean samplála an oibreora dá dtagraítear i bPointe A.5 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun

Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]* i bhfeidhm i gceart;

(c) cé acu a dhéantar nó nach ndéantar na sonraí uile maidir le hastaíochtaí, ionchuir, aschuir agus sreafaí fuinnimh a chur i leith an phróisis táirgthe i gceart i gcomhréir leis na teorainneacha córais a shainítear in aghaidh na catagóire earraí comhiomlánaithe i gcomhréir le hIarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*;

(d) cé acu atá nó nach bhfuil na leibhéil ghníomhaíochta le haghaidh próisis táirgthe bunaithe ar chur i bhfeidhm ceart na sainmhínithe ar chatagóirí earraí comhiomlánaithe a liostaítear i dTábla 1 de Roinn 2 d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*;

(e) cé acu a sannadh nó nár sannadh an tomhaltas fuinnimh i gceart do gach próiseas táirgthe, i gcás inarb infheidhme;

(f) i gcás réamhtheachtaithe a úsáidtear ach nach dtáirgtear ag an tsuiteáil, cé acu a bhí nó nach raibh aon astaíochtaí iarbhír ann a bhí sásúil, de réir fhíorú an fhíoraitheora;

(g) i gcás inar úsáid an t-oibreoir am táirgthe iarbhír an réamhtheachtaí chun an tréimhse thuairiscithe a chinneadh ar lena linn a táirgeadh an réamhtheachtaí, cé acu is leor nó nach leor an fhianaise lena dtacaítear le ham iarbhír an táirgthe;

(h) cé acu a chuirtear nó nach gcuirtear aon fhachtóir réamhshocraithe i bhfeidhm, ar fachtóir é a úsáidtear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*, le haghaidh na tíre tionscnaimh a sainítear an fachtóir réamhshocraithe ina leith;

(i) i gcás ina dtáirgtear ag an tsuiteáil earraí nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, cé acu a d'úsáid nó nár úsáid an t-oibreoir fachtóir astaíochta le haghaidh leictreachais seachas an luach réamhshocraithe a shonraítear in Iarscríbhinn V a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*, agus má d'úsáid, cé acu a chomhlíontar nó nach gcomhlíontar na critéir a leagtar síos i bpointe 5 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956;

(j) i gcás inar úsáid an t-oibreoir fachtóir astaíochta le haghaidh leictreachas a allmhairítear isteach i gcríoch chustaim an Aontais seachas an luach réamhshocraithe, seiceálfaidh an fíoraitheoir go bhfuil na coinníollacha a leagtar síos i bpointe 6 d'Iarscríbhinn IV a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956 á gcomhlíonadh;

(k) má úsáidtear bithbhreoslaí, bithleachtanna nó breoslaí bithmhaise chun críoch fuinnimh, fianaise an oibreora lena léirítear go bhfuil na critéir inbhuanaitheachta agus na critéir maidir le laghdú ar ghás ceaptha teasa a leagtar síos in Airteagal 29(2) go (7) agus (10) de Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle á gcomhlíonadh[2];

---

[2] Treoir (AE) 2024/1711 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Meitheamh 2024 lena leasaítear Treoracha (AE) 2018/2001 agus (AE) 2019/944 a mhéid a bhaineann le feabhas a chur ar dhearadh an mhargaidh leictreachais san Aontas (IO L, 2024/1711, 26.6.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2024/1711/oj).

(l) $CO_2$ agus $N_2O$ aistrithe, gabháil agus stóráil gheolaíoch dé-ocsaíd charbóin, agus buanghabháil agus buanúsáid carbóin i gcomhréir i gcomhréir le Pointe B.8 d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*.

**2.11 Spleáchas ar iniúchtaí eile**

***2.11.1 Réamhtheachtaithe a úsáidtear ach nach dtáirgtear ag an tsuiteáil***

Chun cur i bhfeidhm ceart na modheolaíochta faireacháin a sheiceáil i ndáil le pointe (f) de Roinn 2.10, deimhneoidh an fíoraitheoir go gcomhlíonann tuarascáil fíorúcháin na suiteála ina dtáirgtear an réamhtheachtaí na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tráth a eisíodh an tuarascáil fíorúcháin, bhí an t-eintiteas a rinne na gníomhaíochtaí fíorúcháin ina fhíoraitheoir ag a raibh deimhniú creidiúnaithe bailí, deimhniú lenar cuimsíodh an raon feidhme creidiúnaithe a raibh gá leis chun an fíorú a dhéanamh;

(b) an ráiteas tuairime atá sa tuarascáil fíorúcháin, tugann sé le fios gur fíoraíodh gur tuarascáil shásúil í tuarascáil astaíochtaí an oibreora;

(c) cumhdaítear leis an tuarascáil fíorúcháin an tréimhse thuairiscithe inar táirgeadh an réamhtheachtaí, ar tréimhse í a chinntear mar a leanas:

  (1) Is éard a bheidh i dtréimhse thuairiscithe réamhshocraithe réamhtheachtaí bliain táirgthe an earra choimpléascaigh.

  (2) Mar sin féin, má chinneann an fíoraitheoir go bhfuil fianaise leordhóthanach ann chun am iarbhír an táirgthe a shainaithint, is éard a bheidh sa tréimhse thuairiscithe an tréimhse inar táirgeadh an réamhtheachtaí.

***2.11.2 Úsáid luachanna iarbhír le haghaidh earraí a tháirgtear ag an tsuiteáil nach liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956***

Chun cur i bhfeidhm ceart na modheolaíochta faireacháin a sheiceáil i ndáil le pointe (h) de Roinn 2.10, deimhneoidh an fíoraitheoir go gcomhlíonann tuarascáil fíorúcháin na suiteála ina dtáirgtear an leictreachas na coinníollacha uile seo a leanas:

(a) tráth a eisíodh an tuarascáil fíorúcháin, bhí an t-eintiteas a rinne na gníomhaíochtaí fíorúcháin ina fhíoraitheoir ag a raibh deimhniú creidiúnaithe bailí, deimhniú lenar cuimsíodh an raon feidhme creidiúnaithe a raibh gá leis chun an fíorú a dhéanamh;

(b) an ráiteas tuairime atá sa tuarascáil fíorúcháin, tugann sé le fios gur fíoraíodh gur tuarascáil shásúil í tuarascáil astaíochtaí an oibreora;

(c) cumhdaítear leis an tuarascáil fíorúcháin an tréimhse thuairiscithe inar táirgeadh an leictreachas.

**2.12 Sampláil**

Agus comhréireacht na ngníomhaíochtaí rialúcháin agus na nósanna imeachta dá dtagraítear i bpointí (b) agus (c) den dara mír de Roinn 2.7 á seiceáil ag an bhfíoraitheoir, nó nuair a bheidh na seiceálacha dá dtagraítear i Ranna 2.8 agus 2.9 á ndéanamh aige, féadfaidh sé modhanna samplála a úsáid a bhaineann go sonrach le suiteáil ar choinníoll go mbeidh údar cuí, ar bhonn na hanailíse riosca, leis an tsampláil.

I gcás ina sainaithníonn an fíoraitheoir neamh-chomhréireacht nó míráiteas le linn na samplála, iarrfaidh sé ar an oibreoir na príomhchúiseanna leis an neamh-chomhréireacht nó leis an míráiteas a mhíniú chun gur féidir leis measúnú a dhéanamh ar thionchar na neamh-chomhréireachta nó an mhíráitis ar na sonraí a tuairiscíodh. Ar bhonn thoradh an mheasúnaithe sin, cinnfidh an fíoraitheoir cé acu atá nó nach an bhfuil gá le gníomhaíochtaí

fíorúcháin breise, leis an méid samplála a mhéadú, agus cén chuid de dhaonra na sonraí nach mór don oibreoir a cheartú.

Déanfaidh an fíoraitheoir toradh na seiceálacha dá dtagraítear i Ranna 2.7 go 2.10 a dhoiciméadú, lena n-áirítear sonraí na samplaí breise, sa doiciméadacht fíorúcháin inmheánach.

**2.13 Cuairt fhisiceach ar an láithreán**

I gcomhréir le Roinn 1, pointe (c), d'Iarscríbhinn VI a ghabhann le Rialachán (AE) 2023/956, tabharfaidh an fíoraitheoir, tráth iomchuí amháin nó níos mó le linn an phróisis fíorúcháin, cuairt fhisiceach ar an láithreán ag an tsuiteáil ina dtáirgtear na hearraí a luaitear i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora chun measúnú a dhéanamh ar oibriú na bhfeistí tomhais agus na gcóras faireacháin, chun agallaimh a dhéanamh, chun na gníomhaíochtaí atá ina gceanglais leis an Roinn 2 seo a dhéanamh, agus chun faisnéis agus fianaise leordhóthanach a bhailiú lena gcuirfear ar a chumas a chinneadh cé acu atá nó nach bhfuil tuarascáil an oibreora saor ó mhíráitis ábhartha.

Ar bhonn thorthaí na hanailíse riosca, cinnfidh an fíoraitheoir cé acu atá nó nach bhfuil gá le cuairteanna ar shuíomhanna breise, lena n-áirítear, i gcás inarb ábhartha, cásanna ina ndéantar codanna ábhartha de ghníomhaíochtaí sreafa sonraí agus gníomhaíochtaí rialúcháin i suíomhanna eile amhail ceanncheathrú na cuideachta agus oifigí eile lasmuigh den láithreán.

Áiritheoidh an fíoraitheoir go dtabharfaidh an t-oibreoir rochtain dó ar a láithreáin.

Úsáidfidh an fíoraitheoir cuairt fhisiceach ar an láithreán freisin chun measúnú a dhéanamh ar theorainneacha na suiteála agus ar a próisis táirgthe, agus ar iomláine na sreabh foinseach, na bhfoinsí astaíochtaí agus na nasc teicniúil.

**2.14 Aghaidh a thabhairt ar mhíráitis, neamh-chomhréireachtaí agus neamhchomhlíontacht**

***2.14.1 Míráitis, neamh-chomhréireachtaí agus neamhchomhlíonadh a shainaithint agus a réiteach***

I gcás ina sainaithníonn an fíoraitheoir míráitis, neamh-chomhréireachtaí nó neamhchomhlíonadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]* nó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX ón gCoimisiún *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8152]* le linn an fhíoraithe, cuirfidh sé an t-oibreoir ar an eolas faoi sin gan mhoill agus iarrfaidh sé ar an oibreoir na míráitis, na neamh-chomhréireachtaí nó na neamhchomhlíontachtaí arna sainaithint a cheartú.

Déanfaidh an fíoraitheoir na míráitis, na neamh-chomhréireachtaí nó na neamhchomhlíontachtaí uile a cheartaigh an t-oibreoir le linn an fhíoraithe a dhoiciméadú agus a mharcáil de bhun Roinn 2.5 sa doiciméadacht fíorúcháin inmheánach mar mhíráitis, neamh-chomhréireachtaí nó neamhchomhlíontachtaí atá réitithe.

***2.14.2 Míráitis, neamh-chomhréireachtaí agus neamhchomhlíontacht nach gceartaítear***

I gcás nach gceartaíonn an t-oibreoir na míráitis nó na neamh-chomhréireachtaí dá dtagraítear sa chéad mhír, iarrfaidh an fíoraitheoir ar an oibreoir, sula n-eiseoidh sé an tuarascáil fíorúcháin i gcomhréir le Roinn 2.17, na príomhchúiseanna leis na míráitis nó na neamh-chomhréireachtaí a mhíniú, mar aon leis na cúiseanna nach ndearnadh na ceartúcháin a iarradh.

Cinnfidh an fíoraitheoir cé acu atá nó nach bhfuil tionchar ag na míráitis gan ceartú, ina n-aonar nó nuair a chomhiomlánaítear iad le míráitis eile, ar na sainastaíochtaí leabaithe

iomlána nó ar an gcoigeartú sonrach iomlán ar an leithdháileadh saor in aisce a thuairiscítear le haghaidh gach earra. Agus measúnú á dhéanamh ag an bhfíoraitheoir ar ábharthacht na míráiteas, breithneoidh sé méid agus cineál an mhíráitis, chomh maith leis na himthosca ar leith a bhaineann lena dtarlú.

Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil tionchar ag na neamh-chomhréireachtaí gan ceartú, ina n-aonair nó nuair a chomhiomlánaítear iad le neamh-chomhréireachtaí eile, ar na sonraí tuairiscithe, agus i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil míráiteas ábhartha ann mar thoradh air sin.

Mura gceartaíonn an t-oibreoir neamhchomhlíonadh Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]* nó Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8152]* i gcomhréir leis an gcéad mhír sula n-eiseoidh an fíoraitheoir an tuarascáil fíorúcháin, déanfaidh an fíoraitheoir measúnú i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil tionchar ag an neamhchomhlíonadh gan ceartú ar na sonraí tuairiscithe agus i dtaobh cé acu atá nó nach bhfuil míráiteas ábhartha ann mar thoradh air sin.

### 2.15 Athbhreithniú neamhspleách

#### *2.15.1 Athbhreithniú ar an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach agus ar an tuarascáil fíorúcháin*

Sula n-eiseoidh an fíoraitheoir an tuarascáil fíorúcháin, cuirfidh sé an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach agus an tuarascáil fíorúcháin faoi bhráid athbhreithneoir neamhspleách nach cuid den fhoireann fíorúcháin é.

Maidir leis na gníomhaíochtaí fíorúcháin atá faoi réir athbhreithniú an athbhreithneora neamhspleách, ní bheidh aon cheann díobh déanta ag an athbhreithneoir neamhspleách.

Cuimseofar le raon feidhme an athbhreithnithe neamhspleách an próiseas measúnaithe iomlán a dtugtar tuairisc air sa Roinn 2 seo agus a thaifeadfar sa doiciméadacht fíorúcháin inmheánach.

Déanfaidh an t-athbhreithneoir neamhspleách an t-athbhreithniú sa chaoi go n-áiritheofar go ndéanfar an próiseas fíorúcháin i gcomhréir leis an Rialachán seo agus le Rialachán (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*, go ndearnadh na nósanna imeachta le haghaidh gníomhaíochtaí fíorúcháin dá dtagraítear i Roinn 1.5.1 i gceart, agus gur cuireadh cúram agus breithiúnas gairmiúil cuí i bhfeidhm.

Déanfaidh an t-athbhreithneoir neamhspleách measúnú freisin ar cé acu atá nó nach bhfuil an fhianaise a bailíodh leordhóthanach chun cur ar a chumas don fhíoraitheoir tuarascáil fíorúcháin a eisiúint le dearbhú réasúnta.

I gcás ina dtarlaíonn imthosca a d'fhéadfadh a bheith ina gcúis le hathruithe ar an tuarascáil fíorúcháin tar éis an athbhreithnithe, déanfaidh an t-athbhreithneoir neamhspleách athbhreithniú ar na hathruithe sin freisin, agus ar an bhfianaise ina leith.

#### *2.15.2 Fíordheimhniú na tuarascála fíorúcháin*

Fíordheimhneofar an tuarascáil fíorúcháin ar bhonn chonclúidí an athbhreithneora neamhspleách agus na fianaise sa doiciméadacht fíorúcháin inmheánach. An duine a fhíordheimhneoidh an tuarascáil fíorúcháin údaróidh an fíoraitheoir go cuí é le déanamh amhlaidh.

### 2.16 Doiciméadacht fíorúcháin inmheánach

#### *2.16.1 An doiciméadacht fíorúcháin inmheánach a thiomsú*

Ullmhóidh agus tiomsóidh an fíoraitheoir doiciméadacht fíorúcháin inmheánach ina mbeidh an méid seo a leanas ar a laghad:

(a) torthaí na ngníomhaíochtaí fíorúcháin a rinneadh;

(b) an fhaisnéis a fuarthas ón oibreoir faoi Roinn 2.3;

(c) an anailís straitéiseach, an anailís riosca agus an plean fíorúcháin;

(d) aon údar le gan cuairt fhisiceach ar an láithreán a reáchtáil i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8150]*;

(e) faisnéis leordhóthanach chun tacú leis an tuairim maidir leis an bhfíorú, lena n-áirítear údair le breithiúnais a rinneadh i dtaobh cé acu a bhí nó nach raibh na míráitis a sainaithníodh ábhartha.

Dréachtófar an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach dá dtagraítear sa chéad mhír sa chaoi go mbeidh an t-athbhreithneoir neamhspleách dá dtagraítear i Roinn 2.15.1 agus an comhlacht creidiúnaithe náisiúnta in ann measúnú a dhéanamh i dtaobh cé acu a rinneadh nó nach ndearnadh an fíorú i gcomhréir leis an Rialachán seo.

Tar éis fíordheimhniú a bheith déanta ar an tuarascáil fíorúcháin i gcomhréir le Roinn 2.15.2, áireoidh an fíoraitheoir torthaí an athbhreithnithe neamhspleách sa doiciméadacht fíorúcháin inmheánach.

Coimeádfaidh an fíoraitheoir an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach chomh fada agus is gá chun gur féidir athbhreithniú a dhéanamh ar dhearbhuithe SCCT a cuireadh isteach.

***2.16.2 Rochtain ar an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach***

I gcás ina bhfuil an t-oibreoir cláraithe i gclárlann SCCT de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2023/956, déanfaidh an fíoraitheoir, arna iarraidh sin agus chun athbhreithniú a dhéanamh ar thuarascálacha fíorúcháin de bhun Airteagal 19(2) de Rialachán (AE) 2023/956, rochtain a sholáthar don Choimisiún agus do na húdaráis inniúla ar an doiciméadacht fíorúcháin inmheánach agus ar fhaisnéis ábhartha eile chun meastóireacht ar an bhfíorú a éascú. Soláthróidh an fíoraitheoir rochtain ar an doiciméadacht sin trí chlárlann SCCT, mura n-iarrtar a mhalairt, laistigh de 30 lá féilire tar éis na hiarrata.

**2.17 Tuarascáil fíorúcháin**

***2.17.1 Raon feidhme earnálach an chreidiúnaithe***

Ní eiseoidh an fíoraitheoir tuarascáil fíorúcháin ach amháin i leith tuarascáil astaíochtaí oibreora maidir le an ghrúpa gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil an fíoraitheoir creidiúnaithe ina leith.

***2.17.2 Ráitis tuairime***

Ar bhonn na faisnéise a bhaileofar, eiseoidh an fíoraitheoir tuarascáil fíorúcháin maidir le tuarascáil astaíochtaí an oibreora atá faoi réir fíorú. Áireofar sa tuarascáil fíorúcháin ceann amháin de na ráitis tuairime seo a leanas:

(a) tá sé fíoraithe go bhfuil an tuarascáil sásúil;

(b) tá sé fíoraithe go bhfuil an tuarascáil míshásúil; déanfar an ráiteas sin má tá míráitis ábhartha i dtuarascáil astaíochtaí an oibreora nár ceartaíodh sular eisíodh an tuarascáil fíorúcháin;

(c) tá sé fíoraithe go bhfuil an tuarascáil míshásúil; déanfar an ráiteas sin mura soláthraíonn neamh-chomhréireachtaí, ina n-aonar nó in éineacht le neamh-

chomhréireachtaí eile, soiléireacht leormhaith, agus má chuireann sé sin cosc ar an bhfíoraitheoir a mhaíomh le dearbhú réasúnta go bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora saor ó mhíráitis ábhartha.

(d) tá sé fíoraithe go bhfuil an tuarascáil míshásúil; déanfar an ráiteas sin má tá raon feidhme an fhíoraithe rótheoranta de bhun Roinn 2.17 agus murarbh fhéidir leis an bhfíoraitheoir fianaise leordhóthanach a fháil chun tuairim maidir leis an bhfíorú a eisiúint le dearbhú réasúnta go bhfuil an tuarascáil saor ó mhíráitis ábhartha;

Chun críocha na chéad fhomhíre, pointe (a), ní fhéadfar a fhíorú go bhfuil tuarascáil astaíochtaí an oibreora sásúil ach amháin i gcás ina bhfuil an tuarascáil saor ó mhíráitis ábhartha.

***2.17.3 Eisiúint na tuarascála fíorúcháin***

Ón 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, eiseoidh an fíoraitheoir an tuarascáil fíorúcháin i gclárlann SCCT.

I gcás ina bhfuil an t-oibreoir cláraithe i gclárlann SCCT de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2023/956, déanfar an tuarascáil fíorúcháin a tharchur chuig an oibreoir trí chlárlann SCCT.

I gcás nach bhfuil an t-oibreoir cláraithe i gclárlann SCCT, déanfaidh an fíoraitheoir an tuarascáil fíorúcháin a onnmhairiú agus a tharchur chuig an oibreoir, ar bhealach eile, ina bhunfhormáid chaighdeánach bogearraí. Soláthróidh an fíoraitheoir cóip den tuarascáil fíorúcháin don oibreoir freisin i bhformáid chaighdeánaithe leictreonach a nglactar léi go forleathan le haghaidh doiciméid dhigiteacha, chun críoch faisnéise amháin.

Ní eiseoidh an fíoraitheoir an tuarascáil fíorúcháin i gcás ina bhfuil tuarascáil fíorúcháin ann cheana lena gcumhdaítear an tréimhse thuairiscithe chéanna le haghaidh na suiteála céanna.

Arna iarraidh sin don oibreoir, féadfaidh an fíoraitheoir leagan athbhreithnithe de thuarascáil fíorúcháin atá eisithe aige a eisiúint.

Cuirfidh an fíoraitheoir an tuarascáil fíorúcháin i gcrích i mBéarla.

**2.18 Teorainn ar an raon feidhme**

Féadfaidh an fíoraitheoir a chinneadh go bhfuil raon feidhme an fhíoraithe dá dtagraítear i Roinn 2.17.2, an chéad mhír, pointe (d), rótheoranta in aon cheann de na cásanna seo a leanas:

(a) tá sonraí in easnamh a fhágann nach féidir leis an bhfíoraitheoir an fhianaise is gá a fháil chun an riosca fíorúcháin a laghdú go dtí an leibhéal is gá chun leibhéal réasúnta dearbhaithe a fháil;

(b) ní thugtar raon feidhme ná soiléireacht leormhaith sa phlean faireacháin chun teacht ar chonclúid maidir leis an bhfíorú;

(c) níor chuir an t-oibreoir faisnéis leordhóthanach ar fáil chun go mbeadh an fíoraitheoir in ann an fíorúchán a dhéanamh.

**2.19 Aghaidh a thabhairt ar neamh-chomhréireachtaí neamhábhartha gan réiteach**

Déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar cé acu a cheartaigh nó nár cheartaigh an t-oibreoir na neamh-chomhréireachtaí a thugtar le fios sa tuarascáil fíorúcháin a bhaineann leis an tréimhse thuairiscithe roimhe sin, i gcás inarb ábhartha.

Tuairisceoidh an fíoraitheoir sa tuarascáil fíorúcháin ar cé acu a réitigh nó nár réitigh an t-oibreoir na neamh-chomhréireachtaí sin.

Murar cheartaigh an t-oibreoir na neamh-chomhréireachtaí sin, breithneoidh an fíoraitheoir cé acu atá nó nach bhfuil riosca méadaithe míráiteas ann toisc nár ceartaíodh iad.

Déanfaidh an fíoraitheoir sonraí a thaifeadadh sa doiciméadacht fíorúcháin inmheánach de bhun Roinn 2.16.2 maidir le cathain agus conas a réitigh an t-oibreoir neamh-chomhréireachtaí arna sainaithint le linn an fhíoraithe.

**2.20 Feabhas a chur ar an bpróiseas faireacháin agus tuairiscithe**

I gcás inar shainaithin an fíoraitheoir réimsí ina bhféadfaí feabhas a chur ar fheidhmíocht an oibreora, áireoidh sé sa tuarascáil fíorúcháin moltaí chun feabhas a chur ar na pointí seo a leanas:

(a) measúnú riosca an oibreora;

(b) gníomhaíochtaí sreafa sonraí agus gníomhaíochtaí rialúcháin a fhorbairt, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun, mar aon le meastóireacht ar an gcóras rialúcháin;

(c) nósanna imeachta a fhorbairt, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a thabhairt cothrom le dáta;

(d) faireachán agus tuairisciú ar astaíochtaí, lena n-áirítear an méid sin i ndáil le neamhchinnteacht níos ísle a thomhas agus a bhaint amach, rioscaí a laghdú agus éifeachtúlacht an fhaireacháin agus an tuairiscithe a fheabhsú.

Agus moltaí maidir le feabhsúchán á gcur in iúl ag an bhfíoraitheoir don oibreoir, fanfaidh sé neamhchlaonta i leith an oibreora. Ní dhéanfaidh sé a neamhchlaontacht a chur i mbaol trí chomhairle a thabhairt nó trí chodanna den phróiseas faireacháin agus tuairiscithe a fhorbairt de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) XX/XX *[Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach tagairt do C(2025)8151]*.

Agus fíorú á dhéanamh ag an bhfíoraitheoir an bhliain tar éis na bliana ina ndearnadh moltaí le haghaidh feabhsúchán i dtuarascáil fíorúcháin, seiceálfaidh an fíoraitheoir cé acu a chuir nó nár chuir an t-oibreoir na moltaí sin chun feidhme agus conas a chuir sé chun feidhme iad.

I gcás nár chuir an t-oibreoir na moltaí sin chun feidhme nó nár chuir sé chun feidhme i gceart iad, déanfaidh an fíoraitheoir measúnú ar an tionchar atá ag an méid sin ar an riosca míráiteas agus neamh-chomhréireachtaí.